Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8567/24**

**COPS 175**
**EUMC 160**
**COWEB 48**
**POLMIL 123**
**CFSP/PESC 529**
**CSDP/PSDC 226**
**PSC DEC 21**
**BIH 5**
**RELEX 482**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le glacadh le rannchuidiú ó thríú stáit le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (BiH/36/2024) |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le glacadh le rannchuidiú ó thríú stáit**
**le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**
**(BiH/36/2024)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES an 12 Iúil 2004 maidir le hOibríocht Mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin[1],

---

[1] IO L 252, 28.7.2004, lch. 10.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 11(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, ar mholadh ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais agus ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC), na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh le rannchuidiú ó thríú stáit le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

(2) I ndiaidh na moltaí ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais agus ó EUMC i dtaca le rannchuidiú ó Phoblacht na Moldóive, ba cheart glacadh leis an rannchuidiú sin agus é a mheas mar rannchuidiú suntasach.

(3) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ag socruithe 'Beirlín Plus' agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó is comhaltaí in 'Comhpháirtíocht na Síochána', agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Glactar le rannchuidiú ó Phoblacht na Moldóive le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA) agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Poblacht na Moldóive díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais le buiséad Oibríocht ALTHEA.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*